



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 8 Nollaig 2021
(OR. en)

14831/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0390 (NLE)**

**JUSTCIV 192
AGRI 626
IND 381
ENER 552**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 746 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (PrótacalMAC)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 746 final.

Faoi iamh: COM(2021) 746 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 3.12.2021
COM(2021) 746 final

2021/0390 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (PrótacalMAC)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspoirí an togra

Faoi choimirce UNIDROIT (An Institiúid Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh), eagraíocht idir-rialtasach lena mbaineann na Ballstáit go léir, glacadh le Coinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ('Coinbhinsiún Cape Town') agus le Prótacal maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Trealamh Aerárthaí ag Comhdháil Taidhleoireachta ag Cape Town, an Afraic Theas, i mí na Samhna 2001.

Is struchtúr solúbtha atá ag córas Cape Town: Is Coinbhinsiún creata is múnla dó lena leagtar síos rialacha dlíthiúla is infheidhme maidir le gach catagóir de threalamh soghluaiste a chomhlánaítear le Prótacail shonracha ina bhfuil rialacha speisialta maidir le cineálacha áirithe trealamh.

Foráiltear sa Choinbhinsiún do rialacha maidir le bunú leasa idirnáisiúnta agus éifeachtaí leasa idirnáisiúnta (comhaontú slándála, comhaontú maidir le forchoimeádas teidil nó comhaontú léasaithe) maidir le catagóirí áirithe de threalaimh shoghluaiste atá ainmnithe sna Prótacail a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas: Trealamh aerárthaí (frámaí aeir, innill héileacaptair agus innill aerárthaí), rothstoc iarnróid agus sócmhainní spáis.

Féadfar an Coinbhinsiún a leasú leis na Prótacail seo i gcás inar gá sin de bharr gnéithe sonracha de chuid na hearnála iomchuí. Dá réir sin, is é an Prótacal ní an Coinbhinsiún is treise maidir le gach catagóir de threalamh soghluaiste. Is de réir an Phrótacail lena n-aontaíonn na Stáit a athraíonn na hoibleagáidí atá orthu faoi scáth an Choinbhinsiúin. Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le catagóir de threalaimh shoghluaiste ach amháin nuair a thiofáidh an Prótacal iomchuí i bhfeidhm, agus ní fhéadfaidh feidhm a bheith aige ach amháin idir Páirtithe an Phrótacail sin. Ach ní mór an Coinbhinsiún agus an Prótacal a léamh le chéile sa chás sin mar aon ionstraim aonair amháin.

Is réimsí iad na catagóirí mianadóireachta, talmhaíochta agus tógála a bhfuil tábhacht uilíoch ag baint leo, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha. Sin é an fáth, ó 2006 i leith, a raibh an ceathrú Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair á ullmhú, Prótacal a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (dá ngairtear anseo feasta: Áiríodh 'PrótacalMAC') i gClár Oibre UNIDROIT. Dhá chúis atá ag UNIDROIT leis an trealamh talmhaíochta, tógála agus mianadóireachta a mholadh don cheathrú prótacal. Ar an gcéad dul síos, cheadódh sé d'fhiontair atá ag gabháil don talmhaíocht, don tógáil agus don mhianadóireacht trealamh a fháil nach mbeidís in ann a fháil murach sin, agus cheadódh dóibh ar an gcaoi sin a ngníomhaíocht a optamú. Ar an dara dul síos, cheadódh sé do tháirgeoirí trealamh a onnmhairiú chuig margaí nach mbeadh aon phrótacal den sórt sin dúnta orthu.

Tar éis na hoibre ullmhaithe, lena n-áirítear roinnt cruinnithe de chuid Grúpa Staidéir agus comhairliúcháin leis an tionscal príobháideach, ag an 95ú seisiún (18-20 Bealtaine 2016), mheas Comhairle Rialaithe UNIDROIT an dréacht-téacs a chuir an Grúpa Staidéir ar fáil a bheith forbartha a dhóthain le go bhféadfaí Coiste Saineolaithe Rialtais a thionól.

Tionóladh dhá sheisiún de Choiste na Saineolaithe Rialtais sa Róimh: An chéad cheann ón 20 go dtí an 24 Márta 2017, agus an dara ceann ó 2 go 6 Deireadh Fómhair 2017, áit ar measadh go raibh téacs an Phrótacail réidh chun Comhdháil Taidhleoireachta a thionól lena ghlacadh.

Rinne an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh – a bhfuil stádas breathnóra aige ag UNIDROIT – ar bhonn seasamh comhordaithe AE¹. An 23 Lúnasa 2017, chuir an Coimisiún Moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinnidh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Prótacal MAC a thabhairt i gcrích. Ghlac an Chomhairle an Moladh² mar aon leis na Treoracha³ an 9 Márta 2018.

Bhí Comhdháil Taidhleoireachta ann ina dhiaidh sin in Pretoria an 11-22 Samhain 2019, áit ar ghlac UNIDROIT téacs Phrótacal MAC go hoifigiúil. Rinne an Coimisiún ionadaíocht ar an Aontas maidir le forálacha an Phrótacail a thagann faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a glacadh in 2018 agus ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta forlíontacha a glacadh in 2019⁴.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais atá ann cheana**

Tá gníomh déanta cheana ag an Aontas i ndáil le Coinbhinsiún Cape Town, trí aontú don Choinbhinsiún agus don Phrótacal Aerárthaí a ghabhann leis in 2009⁵, tríd an bPrótacal Iarnróid a shíniú in 2009⁶, agus a cheadú in 2014⁷.

Chomh maith leis sin, maidir le Prótacal an Spáis, ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a ghlac an Chomhairle an 10 Feabhra 2004⁸, is dlúth thar ceann an Aontais a lean an Coimisiún cruinnithe na gcúig sheisiún de Choiste Saineolaithe Rialtais UNIDROIT chun an dréacht-Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste maidir le Nithe a bhaineann go sonrach le Sócmhainní Spáis a ghlacadh agus ghlac sé páirt i gComhdháil Taidhleoireachta 2012 inar glacadh an Prótacal Spáis.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle, is togra é atá comhsheasmhach le beartas ginearálta an Aontais gníomh a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramaítear inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais sa chreat idirnáisiúnta, trí dhul isteach i gcoinbhinsiún idirnáisiúnta lena n-áirítear forálacha faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, i gcás ina gceadaítear sin de bharr clásal REIO a bheith ann, clásal lena gceadaítear d'Eagraíochtaí Réigiúnacha um Lánpháirtiú Eacnamaíoch ionstraim idirnáisiúnta a shíniú nó a dhaingniú, nó trí údarú a thabhairt do Bhallstáit an AE é sin a dhéanamh thar ceann an Aontais.

¹ Seasamh an Aontais a leagtar amach i ndoiciméad 7083/17 EU RESTRICTED

² Doiciméad 5109/18 ón gComhairle.

³ Doiciméad 6287/18 ón gComhairle EU RESTRICTED

⁴ Faoi mar a leagtar amach i ndoiciméad 13444/1/19 REV 1 EU RESTRICTED

⁵ 2009/370/CE: Cinneadh ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna idirnáisiúnta sa trealamh soghluaiste agus an Prótacal a ghabhann leis maidir le hábhair a bhaineann go sonrach le trealamh aerárthaí, arna ghlacadh go comhpháirteach in Cape Town an 16 Samhain 2001, IO L 121, 15.5.2009, lch. 3-7.

⁶ 2009/940/CE: Cinneadh ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir leis an bPrótacal a shíniú don Chomhphobal Eorpach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta sa Trealamh Soghluaiste ar Ábhair a Bhaineann go Sonrach le Rothstoc Iarnróid, a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007, IO L 331, 16.12.2009, lch. 1-16.

⁷ 2014/888/AE: Cinneadh ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 maidir le formheas an Phrótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta sa Trealamh Soghluaiste maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Rothstoc Iarnróid, a glacadh i Lucsamburg an 23 Feabhra 2007, IO L 353, 10.12.2014, lch. 9-12.

⁸ 5609/04 JUSTCIV 9 TRANS 35 OC 46 RESTREINT UE

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

An togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle, is togra é atá bunaithe ar Airteagal 81(2), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(5) CFAE, is é sin an ionstraim idirnáisiúnta Prótocal MAC. Is le hAirteagal 81 CFAE a rialaítear an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, Airteagal arb é an bunús dlí é dá bhrí sin le hinniúlacht an Aontais sa réimse seo.

I gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tagann roinnt forálacha de Phrótocal MAC UNIDROIT faoi raon feidhme inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais mar *'d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó raon feidhme na rialacha sin a athrú'*.

Tá forálacha i bPrótocal MAC maidir le bearta dlínse agus aitheanta, bearta forghníomhaithe agus bearta sealadacha agus cosanta a d'fhéadfaidh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnais in ábhair shibhialta agus tráchtála (Airteagal IX de Phrótocal MAC *'Modhnú ar fhorálacha maidir le faoiseamh ar feitheamh cinneadh críochnaitheach'*).

Ina theannta sin, tá forálacha i bPrótocal CCB maidir le leigheasanna ar an dócmhainneacht agus maidir le cúnaimh dócmhainneachta, a d'fhéadfaidh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (Airteagal X – *Leigheasanna ar an Dócmhainneacht* agus *Airteagal XI Cúnaimh Dócmhainneachta*).

Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal VI de Phrótocal MAC (*Rogha dlí*) gur féidir leis na páirtithe i gcomhaontú nó i gconradh rátháiochta gaolmhar nó i gcomhaontú fo-ordúcháin an dlí is infheidhme a roghnú. Dá bhrí sin, rialaítear leis ábhar atá cumhdaithe ag Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I).

- **Dearbhuithe maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh**

Ceanglaítear le hAirteagal XXIV (*An Eagraíocht Réigiúnach um Lánpháirtíú Eacnamaíoch*) go ndéanfaidh an tAontas Eorpach, tráth sínithe Phrótocal MAC, an dearbhú maidir le Taisclann ina sonraítear na hábhair atá faoi rialú ag an bPrótocal ar aistrigh a Bhallstáit inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach. Tá an dearbhú seo i gceangal leis an togra seo.

Thairis sin, éilíonn roinnt rialacha de Phrótocal MAC nó cuirtear ar chumas na bpáirtithe conarthacha dearbhuithe a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht nó raon feidhme a chuid forálacha nó maidir leis an gcaoi a gcuirfead chun feidhme iad. Is forálacha roghnacha iad sin go léir agus ní bheidh siad infheidhme ach amháin má dhéantar dearbhú faoi airteagal XXVIII de Phrótocal MAC (*Dearbhuithe maidir le forálacha áirithe*) tráth daingnithe nó formheasta an Phrótocail seo nó tráth aontachais leis.

Tá sé de chumhacht ag an Aontas Eorpach dearbhuithe a dhéanamh maidir le hAirteagail VI, IX, X agus XI den Phrótocal MAC, a dtagann a n-ábhair faoin inniúlacht eisiach atá acu. Mar a cheanglaítear le hAirteagal XXVIII den Phrótocal MAC, áfach, ní dhéileálfar leis an tsaincheist seo ach amháin an tráth a dhéanfaidh an tAontas Eorpach an Prótocal seo a dhaingniú, a fhorghníomhú nó a aontú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo cosúil leis na cinn a glacadh i gcás na bPrótacal eile a ghabhann le Coinbhinsiún Cape Town, agus ní théann sé thar an aidhm a áirithiú go n-urramaítear inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais maidir le forálacha áirithe de Phrótacal MAC agus go bhfuil cead ag na Ballstáit dlí AE a chur i bhfeidhm ina measc féin.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ós rud é gur thionóil UNIDROIT an chéad chruinniú de na Saineolaithe Rialtais i mí Mheán Fómhair 2016, cuireadh na Ballstáit ar an eolas go rialta, agus chuathas i gcomhairle leo i Meitheal na Comhairle um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) maidir leis na línte comhordaithe a bheidh le glacadh i ndáil le seasamh an Aontais. Tá seasamh comhordaithe an Aontais don chéad chruinniú de na Saineolaithe Rialtais le fáil sa Doiciméad 7083/17 ón gComhairle atá luaite, EU RESTRICTED ón gComhairle. Ina theannta sin, cuireadh toscairí na mBallstát ar an eolas sa Róimh le linn chruinniú *ad hoc* comhordúcháin an Aontais. Thug an Coimisiún tuairisc ar thoradh an chéad seisiúin agus an dara seisiún i Meitheal na Comhairle um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) in 2019. Rinneadh tuilleadh plé in 2018 agus in 2019, tráth a glacadh na treoirlínte caibidlíochta mar ullmhúchán don Chomhdháil Taidhleoireachta i mí na Samhna 2019.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ag an 93ú seisiún de Chomhairle Rialaithe UNIDROIT in 2014, comhaontaíodh Grúpa Staidéir a thionól a raibh sé de chúram air an chéad dréacht den Phrótacal MAC a ullmhú roimh an 95ú seisiún dá chuid. Tá an Grúpa Staidéir comhdhéanta de shaineolaithe idirnáisiúnta éagsúla i ndlí slán na n-idirbheart agus tháinig sé le chéile ceithre huaire ó 2014. Roimh an gcéad chruinniú de Shaineolaithe Rialtais, d'iarr UNIDROIT ar a Bhallstáit agus ar pháirtithe na Stát chuig Coinbhinsiún Cape Town freastal ar shiompóisiam leath lae ar an 2 Nollaig 2016 chun príomhghnéithe an tionscadail a phlé.

Bhí tionscnaimh eile ann roimh an gComhdháil Taidhleoireachta, mar shampla Comhdháil Idirnáisiúnta i Londain ‘An Prótacal MAC: *Sochair dhlíthiúla agus eacnamaíocha do na Stáit, don trádáil idirnáisiúnta agus don fhorbairt*’ an 12 Meán Fómhair 2019, a raibh an Coimisiún agus roinnt Ballstát páirteach ann freisin.

Léirigh comhairliúcháin leis an tionscal príobháideach spéis ghinearálta agus tacaíocht don Phrótacal MAC agus d’eagraigh UNIDROIT roinnt tionscnamh chun feasacht a ardú maidir leis an bPrótacal, roimh a ghlacadh agus ina dhiaidh sin.

- **Measúnú tionchair**

Faoi mar a bhí i gcás na dtionscnamh eile a bhaineann le Coinbhinsiún Cape Town agus a Phrótacail, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ar leith.

Faoi mar a léiríodh thuas, áfach, rinneadh dianchomhairliúcháin/réamhstaidéir i gcomhthéacs UNIDROIT sular measadh go raibh an obair ar an dréacht-Phrótacal sách réidh ionas go bhféadfaí an chéad chruinniú de Shaineolaithe Rialtais a thionól.

Áiríodh leis an obair seo páipéar a d'ullmhaigh an Stiúrthóir Taighde in 2013 ag an Ionad um Anailís Eacnamaíoch ar Dhlí (CEAL) ar na buntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an bPrótacal MAC. Foilsíodh Measúnú Eacnamaíoch eile ar an bPrótacal MAC i mí Lúnasa 2018 faoi choimirce UNIDROIT, ina leagtar béim ar na buntáistí a bhaineann leis an trádáil idirnáisiúnta trí rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus riosca creidmheasa a laghdú.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Nóta ar bith.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (PrótacalMAC)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas Eorpach ag obair chun limistéar coiteann breithiúnach a bhunú ar phrionsabal aitheantas frithpháirteach na gcinntí breithiúnacha.
- (2) Leis an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste maidir le nithe a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta ('PrótacalMAC'), a glacadh in Pretoria an 22 Samhain 2019, cuirtear leis an rialachán ar an leibhéal idirnáisiúnta ar bhealach úsáideach. Dá bhrí sin, is inmhianaithe forálacha na hionstraimhe sin a chur i bhfeidhm a thúsce is féidir.
- (3) Rinne an Coimisiún caibidlíocht maidir le Prótacal MAC thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis na codanna a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.
- (4) Foráiltear le hAirteagal XXIV(1) den Phrótacal MAC go bhféadfaidh Eagraíochtaí Réigiúnacha um Lánpháirtiú Eacnamaíoch, a bhfuil inniúlacht acu ar ábhair áirithe atá faoi rialú ag an bPrótacal Iarnróid, an Prótacal sin a shíniú, glacadh leis, é a fhorghéas nó aontú leis.
- (5) Déileáiltear le roinnt de na hábhair a rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 593/2008¹, le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012², agus le Rialachán (AE) 2015/848³ sa Phrótacal MAC freisin.
- (6) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach maidir le roinnt de na hábhair a rialaítear le Prótacal MAC.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6).

² Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus maidir le haitheantas agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

³ Rialachán (AE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

- (7) Foráiltear le hAirteagal XXIV(2) den Phrótacal MAC, tráth sínithe, glactha, formheasta nó aontachais, go ndéanfaidh Eagraíocht Réigiúnach um Lánpháirtíú Eacnamaíoch dearbhú ina sonrú na hábhair atá faoi rialú ag an bPrótacal sin a bhfuil inniúlacht aistrithe ina leith ag a chuid Ballstát chuig an eagraíocht sin.
- (8) Tá Éire faoi cheangal ag Rialacháin (CE) Uimh. 593/2008, (AE) Uimh. 1215/2012 agus (AE) 2015/848, agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.
- (9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, rud atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal MAC a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn, agus ba cheart an Dearbhú atá i gceangal a fhorghas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is éard a dhéantar leis seo síniú an Phrótacail a fhaomhadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, is é sin an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrú le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (PrótacalMAC) a glacadh in Pretoria an 22 Samhain 2019.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Ainmneoidh an Coimisiún an duine a chumhachtófar chun ionstraim shínithe an Phrótacail MAC a thaisceadh thar ceann an Aontais faoi réir an choinníll atá leagtha amach in Airteagal 3.

Airteagal 3

Agus Prótacal MAC á shíniú ag an Aontas, déanfaidh sé an dearbhú a leagtar amach san Iarscríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal XXIV (2) de.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*